Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5902/25**

**AGRI 41**
**AGRIFIN 10**
**AGRISTR 6**
**AGRIORG 15**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An prionsabal maidir le promhadh leas na tuaithe a chur chun feidhme<br>–*Faisnéis ón Uachtaránacht*<br>–*Seisiún tuairimíochta* |

Mar ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 24 Feabhra 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn, nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**An prionsabal maidir le promhadh leas na tuaithe a chur chun feidhme**

Is cuid bhunriachtanach d'acmhainneacht eacnamaíoch na hEorpa iad na ceantair thuaithe agus is iad atá freagrach as slándáil bia a chothabháil do shaoránaigh uile an Aontais agus as earraí poiblí a bhaineann lena bhfeidhmeanna sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha, comhshaoil agus tírdhreacha a sholáthar. Dá bhrí sin, tá a n-inmharthanacht agus a naisc fhadtéarmacha chomhoibritheacha le lárionaid uirbeacha bunriachtanach chun comhtháthú an Aontais ina iomláine a chothabháil.

I roinnt mhaith Ballstát áfach, tá dúshláin níos mó roimh cheantair thuaithe, go háirithe maidir lena staid dhéimeagrafach agus eacnamaíoch. Is é is cúis leis sin den chuid is mó rátaí éagsúla fáis agus forbartha críoch, rud a fhágann go bhfuil neamhionannas ann atá ag éirí níos doimhne agus na ceantair sin ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí sibhialtachta, eacnamaíocha agus sóisialta.

Ba cheart do lucht ceaptha beartas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun ceantair thuaithe a chomhtháthú go hiomlán sna próisis forbartha agus chun tuilleadh infheistíochtaí a áirithiú sa bhonneagar, san oideachas, i margadh an tsaothair, sa tsláinte, sa chultúr, agus sna claochluithe comhshaoil, digiteacha agus fuinnimh.

Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht éagsúil na gceantar tuaithe, ina bhfuil tuairim agus 137 milliún áitritheoir, a aithint agus leas a bhaint aisti chun a áirithiú go mbeidh siad níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *A long-term vision for the EU's rural areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais – i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (10404/21). Tabharfar aghaidh sa tsamhail forbartha sin ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus áiritheofar go leanfaidh ceantair thuaithe na hEorpa de bheith ag rannchuidiú le hAontas atá slán agus athléimneach ó thaobh géarchéimeanna de.

Dála na slabhraí soláthair ar cuireadh isteach orthu le linn phaindéim COVID-19, éifeachtaí an chogaidh san Úcráin, athruithe geopholaitiúla, agus éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide atá ag dul i méid – caithfidh an tAontas freagairt iomchuí a thabhairt orthu uile. Ba cheart ról na n-oibreoirí agraibhia agus slándáil agus uathriail straitéiseach an Aontais á n-áirithiú acu a chur san áireamh sa fhreagairt sin.

Tá cur chun feidhme éifeachtach an tsásra um promhadh leas na tuaithe ar cheann de na huirlisí lena mbainfear amach na spriocanna sin mar aon le scaipeadh dea-chleachtas sa réimse sin ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil i gcomhréir leis na moltaí san Fhís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais dá dtagraítear thuas. De réir toimhdí, is ann don sásra sin ionas go mbeifear in ann na beartais uile a oiriúnú agus réitigh dhlíthiúla agus eagraíochtúla ar riachtanais agus ar dhúshláin forbartha na gceantar tuaithe a chur san áireamh. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais (15631/23), chuir an Chomhairle in iúl go dtacaíonn sí leis an gcoincheap 'promhadh leas na tuaithe' a bheith á chur chun feidhme ag an gCoimisiún. D'iarr an Chomhairle go neartófaí promhadh leas na tuaithe ar gach leibhéal agus go ndéanfaí 'cur chun feidhme éifeachtach na measúnuithe tionchair chríochaigh a fheabhsú'.

Cheana féin, agus é ag obair ar thionscnaimh nua a éilíonn measúnú tionchair, cuireann an Coimisiún Eorpach prionsabail 'rialáil níos fearr' i bhfeidhm, lena n-áirítear, *inter alia*, measúnú ar na rialacháin atá beartaithe i dtéarmaí a dtionchar ar cheantair thuaithe. I gcás tionscnaimh nach bhfuil measúnú tionchair ag teastáil ina leith, glactar leis gur cheart do sheirbhísí an Choimisiúin scrúdú a dhéanamh ar na tionchair ar phobail tuaithe ar bhealach cáilíochtúil.

Mar sin féin, ní leor measúnuithe tionchair *ex-ante* ná *ex-post* a dhéanamh ar na réitigh atá beartaithe maidir le forbairt tuaithe lena áirithiú go ndéanfar difear suntasach chun a n-inmharthanacht a chothú agus freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta atá rompu.

Sa tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais: na príomhrudaí atá bainte amach agus bealaí chun tosaigh, a foilsíodh i mí an Mhárta 2024 (8360/24), léirítear na dúshláin a bhaineann le promhadh leas na tuaithe a chur chun feidhme agus léirítear nach leor na réitigh a bhí ann go dtí seo chun fíorthionchar bheartais agus chistí an Aontais ar an bhforbairt tuaithe a fhíorú ná chun a áirithiú go gcuirtear na foinsí éagsúla cistiúcháin don fhorbairt tuaithe a chomhcheangal go héifeachtach. Dearbhaítear an méid sin freisin leis na moltaí a tháinig ón doiciméad Plé straitéiseach ar thodhchaí na talmhaíochta san Aontas (13057/24) maidir le 'Tástáil Tuaithe' a chuirfidh an Coimisiún ar bun. Ba cheart don tástáil sin a sheiceáil conas a chuimsítear ceantair thuaithe sa reachtaíocht reatha agus i reachtaíocht nua an Aontais.

Dá bhrí sin, chun limistéir thuaithe a chuimsiú ar bhealach freagrach sna próisis forbartha agus chun a n-athléimneacht i leith géarchéimeanna a neartú, ní mór úsáid a bhaint as an sásra um promhadh leas na tuaithe ní hamháin chun tionchar na ndréachtréiteach reachtach ar fhorbairt na limistéar tuaithe a scrúdú, ach ina theannta sin trí riachtanais agus dúshláin na limistéar tuaithe a chur san áireamh ar bhealach leordhóthanach tráth a bheidh na réitigh pleanála airgeadais, eagrúcháin agus straitéisí á gceapadh.

I bhfianaise a bhfuil thuas, iarrann an Uachtaránacht ar thoscaireachtaí freagairt a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Ar cheart an sásra um promhadh leas na tuaithe a fheabhsú, agus más mar sin é, conas? Cuirigí bhur moltaí/barúlacha/conclúidí maidir le promhadh leas na tuaithe isteach – cuirigí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad – go háirithe maidir le héifeachtacht a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais a neartú.
2. Conas is féidir forbairt tuaithe a chomhtháthú níos fearr i straitéisí, beartais agus cistí an Aontais, seachas CBT, chun a bhfíorthionchar ar chomhtháthú a mhéadú agus chun héagothromaíochtaí forbartha idir bailte agus an tuath a laghdú? Tugaigí samplaí den dea-chleachtas sa réimse seo a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.